2023/2906

22.12.2023

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2023/2906 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Nollaig 2023

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ([1]), agus go háirithe Airteagail 6(1) agus (2) agus 7(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) An 25 Deireadh Fómhair 2023, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, beirt le liosta na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha. Ba cheart an bheirt sin a áireamh ar liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus ba cheart na hiontrálacha comhfhreagracha a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NAVARRO RÍOS

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.

IARSCRÍBHINN

(1) Cuirtear na daoine seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha a leagtar amach i gCuid a), 'Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 3(1)', d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES:

'37. Bernard Maheshe BYAMUNGU

(*ailias*: Tiger One)

Ainmniú: a) Briogáidire-Ghinearál b) Leas-Cheannasaí oibríochtaí agus faisnéise do M23.

Dáta breithe: 10 Deireadh Fómhair 1974.

Áit bhreithe: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Seoladh: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 25 Deireadh Fómhair 2023.

Faisnéis eile: Liostaítear é de bhun mhíreanna 7(c) agus 7(h) de rún 2293 (2016) mar gheall ar an méid seo a leanas: 'ceannairí polaitiúla agus míleata mhílístí an Chongó, lena n-áirítear iad siúd a fhaigheann tacaíocht ó lasmuigh de Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, a chuireann bac ar rannpháirtíocht a gcomhraiceoirí i bpróisis dí-armála, díshlógtha agus athimeasctha' agus 'ag gníomhú thar ceann duine aonair nó eintiteas ainmnithe nó faoina stiúir, nó ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis aonair nó eintitis ainmnithe', mar a athdhearbhaítear le mír 2 de rún 2688 (2023). Mar cheannaire ar M23, tá baint aige le gníomhaíochtaí an ghrúpa armtha a chur chun cinn agus tacú leo. Tugadh ardú céime dó i mí Eanáir 2023 do Bhriogáidire d'Arm Réabhlóideach an Chongó, brainse armtha M23. Ceapadh ansin é ina cheann foirne agus ina ionadaí do Sultani Makenga, agus tá an phleanáil le haghaidh gach oibríocht M23 i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó bailíochtaithe aige ó shin i leith. D'eisigh údaráis an Chongó barántas chun é a ghabháil.

38. Ruvugayimikore PROTOGÈNE

(*ailias:* a) Ruhinda b) Gaby Ruhinda c) Zorro Midende d) Gatokarakura)

Ainmniú: Ceannasaí aonad speisialta FDLR, 'Commando de recherche et d'action en profondeur', ('CRAP'), ar a dtugtar anois Maccabe.

Dáta breithe: a) 1968 b) 1969 c) 1970.

Áit bhreithe: a) Karandaryi Cell, Mwiyanike Sector, Karago Commune, Gisenyi Prefecture, Rwanda b) Nyabihu District, Western Province, Rwanda.

Seoladh: Nyiragongo, an Kivu Thuaidh, Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 25 Deireadh Fómhair 2023.

Faisnéis eile: Liostaítear é de bhun mhíreanna 7(b), 7(e) agus 7(h) de rún 2293 (2016) mar gheall ar an méid seo a leanas: 'ceannairí polaitiúla agus míleata ar ghrúpaí armtha eachtracha atá ag oibriú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus a chuireann bac ar dhí-armáil agus ar aisdúichiú nó athlonnú deonach na gcomhraiceoirí a bhaineann leis na grúpaí sin'; 'gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ar sáruithe nó mí-úsáidí chearta an duine nó sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad, de réir mar is infheidhme, lena n-áirítear na gníomhartha sin a bhaineann le díriú ar shibhialtaigh, lena n-áirítear marú agus ballbhascadh, éigniú agus foréigean gnéasach eile, fuadach, easáitiú éigeantach, agus ionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil'; agus 'ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir duine aonair ainmnithe nó eintitis ainmnithe, nó ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis aonair nó eintitis ainmnithe', mar a athdhearbhaítear le mír 2 de rún 2688 (2023). Mar cheannaire ar FDLR, tá ceannas agus smacht éifeachtach aige ar chomhraiceoirí an ghrúpa sin.'

(2) Scriostar na hiontrálacha seo a leanas ón liosta a leagtar amach i Roinn A, 'Daoine', d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES:

10. Ruvugayimikore PROTOGÈNE;

18. Bernard Maheshe BYAMUNGU.